**Parlaimint na hEorpa**
2019-2024

*Suí iomlánach*

**A9-0147/2024**

22.3.2024

***

# MOLADH

ar an togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus comhaltaí Eagraíocht na Stát san Afraic, i Muir Chairib agus san Aigéan Ciúin, den pháirt eile (COM(2023)0791 – C9-0029/2024 – 2023/0464(NLE))

An Coiste um Fhorbairt

Rapóirtéir: Tomas Tobé

***Eochair do na siombailí a úsáidtear***

| | |
|---|---|
| * | An nós imeachta comhairliúcháin |
| *** | Nós imeachta an toilithe |
| ***I | An gnáthnós imeachta reachtach (an chéad léamh) |
| ***II | An gnáthnós imeachta reachtach (an dara léamh) |
| ***III | An gnáthnós imeachta reachtach (an tríú léamh) |

(Braitheann an cineál nós imeachta ar an mbunús dlí a mholtar sa dréachtghníomh.)

**CLÁR**

**Leathanach**

DRÉACHTRÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA ........................................ 5

RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN ........................................................................................................ 6

IARSCRÍBHINN: NA hEINTITIS NÓ NA DAOINE ÓNA bhFUAIR AN RAPÓIRTÉIR IONCHUR ......................................................................................................................... 8

TUAIRIM ÓN GCOISTE UM THRÁDÁIL IDIRNÁISIÚNTA ............................................... 9

LITIR ÓN GCOISTE UM GHNÓTHAÍ EACHTRACHA ...................................................... 14

AN NÓS IMEACHTA - COISTE FREAGRACH .................................................................. 16

VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE FREAGRACH ........ 17

## DRÉACHTRÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

**ar an togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus comhaltaí Eagraíocht na Stát san Afraic, i Muir Chairib agus san Aigéan Ciúin, den pháirt eile**
**(COM(2023)0791 – C9-0029/2024 – 2023/0464(NLE))**

**(Toiliú)**

*Tá Parlaimint na hEorpa*,

– ag féachaint don togra le haghaidh cinneadh ón gComhairle (COM(2023)0791),

– ag féachaint don Chomhaontú Comhpháirtíochta idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus comhaltaí Eagraíocht na Stát san Afraic, i Muir Chairib agus san Aigéan Ciúin, den pháirt eile (08372/2023),

– ag féachaint don iarraidh ar thoiliú a thíolaic an Chomhairle i gcomhréir le hAirteagal 207(4), an chéad fhomhír, agus Airteagal 218(6), an dara fomhír, pointe (a)(v), den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (C9-0029/2024),

– ag féachaint do rún neamhreachtach uaithi an (..) ar an togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus comhaltaí Eagraíocht na Stát san Afraic, i Muir Chairib agus san Aigéan Ciúin, den pháirt eile,

– ag féachaint do Riail 105(1) agus (4), agus do Riail 114(7) dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Thrádáil Idirnáisiúnta,

– ag féachaint don litir ón gCoiste um Ghnóthaí Eachtracha,

– ag féachaint don mholadh ón gCoiste um Iascach (A9-0147/2024),

1. ag tabhairt a toilithe do thabhairt i gcrích an Chomhaontaithe;

2. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig rialtais agus parlaimintí na mBallstát agus chuig Comhaltaí d’Eagraíocht na Stát san Afraic, i Muir Chairib agus san Aigéan Ciúin.

# RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN

Bhí Comhaontú Cotonou, a síníodh in 2000 ar feadh tréimhse 20 bliain, lena rialaítear an caidreamh idir an tAontas Eorpach agus na Stáit san Afraic, i Muir Chairib agus san Aigéan Ciúin (ACC) a bhí ann ag an am, ceaptha dul in éag i mí Feabhra 2020. Cé gur tháinig deireadh leis an gcaibidlíocht maidir le Comhaontú comharba i mí na Nollag 2020, níor síníodh an Comhaontú i Samó go dtí an 15 Samhain 2023 mar gheall ar mhoilleanna arís agus arís eile.

Tháinig Comhaontú Samó i bhfeidhm go sealadach i mí Eanáir 2024, ar díol mór sásaimh é ós rud é go bhforáiltear leis an gcomhaontú nua do chreat neartaithe, nuachóirithe agus níos uaillmhianaí le haghaidh comhair a théann níos faide ná an comhar traidisiúnta um fhorbairt. Cuireann an Comhaontú leis an *acquis* tábhachtach agus leagtar síos ann creat solúbtha atá bunaithe ar Fhondúireacht choiteann is infheidhme maidir le gach páirtí agus prótacail réigiúnacha shaincheaptha don Afraic, do Mhuir Chairib agus don Aigéan Ciúin faoi seach. Ina theannta sin, cuireann an chomhpháirtíocht nua le roinnt comhaontuithe idirnáisiúnta agus sainaithnítear inti Clár Oibre 2030 na Náisiún Aontaithe don Fhorbairt Inbhuanaithe agus Comhaontú Pháras maidir leis an Athrú Aeráide mar threoirchreataí uileghabhálacha.

Tá Comhaontú Samó bunaithe ar 6 thosaíocht chomhpháirteacha: cearta an duine, daonlathas agus rialachas; forbairt dhaonna agus shóisialta; fás agus forbairt eacnamaíoch atá inbhuanaithe agus cuimsitheach; inbhuanaitheacht comhshaoil agus an t-athrú aeráide; agus an imirce agus an tsoghluaisteacht. Leis an gComhaontú Comhpháirtíochta nua, cuirtear spás feabhsaithe le haghaidh idirphlé ar fáil agus is geal leis an Rapóirtéir na forálacha maidir le comhghuaillíochtaí domhanda agus comhar idirnáisiúnta, agus béim á leagan ag an dá pháirtí ar a dtiomantas don ord idirnáisiúnta riailbhunaithe agus don idirphlé idirnáisiúnta a chur chun cinn agus do réitigh iltaobhacha a lorg chun dlús a chur leis an ngníomhaíocht dhomhanda.

Leagann an Rapóirtéir béim ar a thábhachtaí atá sé forbairt, éifeachtacht agus torthaí a áirithiú agus is díol sásaimh dó go n-aithnítear sa Chomhaontú gur cheart modhanna comhair a éagsúlú, lena gcuimsítear raon beartas agus ionstraimí, ó na foinsí agus na gníomhaithe uile atá ar fáil. Mar sin féin, ní mór tacú le cur chun feidhme an Chomhaontaithe le buiséad fóinteach faoin Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta agus ba cheart iarrachtaí a dhéanamh leibhéal na tacaíochta do chomhpháirtithe ACC a choinneáil ar bun sna blianta amach romhainn.

Ní mór naisc láidre a bhunú freisin idir Comhaontú Samó agus tionscnamh na Tairsí Domhanda, a seoladh i mí na Nollag 2021. I bhfianaise a shuntasaí atá na riachtanais agus an leibhéal infheistíochta is gá chun Clár Oibre 2030 a chomhlíonadh, creideann an Rapóirtéir go bhfuil sé ríthábhachtach cineálacha eile maoinithe forbartha a shlógadh, ar gá iad a ailíniú le cuspóirí beartais forbartha.

Áitíonn an Rapóirtéir ar an tábhacht a bhaineann le taidhleoireacht pharlaiminteach chun an t-idirphlé polaitiúil idir AE agus ESACC a neartú. Ní mór cuntasacht dhaonlathach a áirithiú ar gach leibhéal den Chomhaontú agus tá ról tábhachtach ag Comhthionól Parlaiminteach ESACC-AE agus ag na trí Thionól Réigiúnacha nua i ndáil leis sin.

Comhaontaítear i gComhaontú Samó go bhfuil rannpháirteachas leis na geallsealbhóirí, go háirithe leis na húdaráis áitiúla, leis an tsochaí shibhialta, agus le hionadaithe ón earnáil phríobháideach, lárnach do chinnteoireacht fheasach agus do chuspóirí na Comhpháirtíochta seo a chur chun cinn. Iarrann an Rapóirtéir, dá bhrí sin, go mbunófaí sásra oscailte agus trédhearcach go pras le haghaidh comhar struchtúrtha chun rannpháirtíocht éifeachtach na ngeallsealbhóirí a áirithiú le linn chéim cur chun feidhme an Chomhaontaithe.

I gcomhréir le hAirteagal 218(6) CFAE, tá gá le toiliú ó Pharlaimint na hEorpa chun go nglacfaidh an Chomhairle cinneadh maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe.

I bhfianaise an mhéid thuas, molann an Rapóirtéir go dtabharfaidh an Pharlaimint a toiliú do thabhairt i gcrích an Chomhaontaithe.

## IARSCRÍBHINN: NA hEINTITIS NÓ NA DAOINE ÓNA bhFUAIR AN RAPÓIRTÉIR IONCHUR

De bhun Airteagal 8 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis na Rialacha Nós Imeachta, dearbhaíonn an Rapóirtéir go bhfuair sí ionchur ó na heintitis nó ó na daoine a leanas in ullmhú na tuarascála, go dtí go nglacfar sa choiste í:

| **Eintiteas agus/nó duine** |
|---|
| Professor Robert Dussey, Togo's Minister of Foreign Affairs, African Integration and Togolese Abroad, the OACPS' Chief Negotiator and Chair of the Ministerial Central Negotiating Group |
| European Commission |
| EEAS |
| European Investment Bank |
| European Economic and Social Committee |
| CONCORD Europe |
| DSW |
| UNICEF |
| ECDPM |

Déantar an liosta thuas a tharraingt suas faoi fhreagracht eisiach an Rapóirtéara.

07.03.2024

## TUAIRIM ÓN GCOISTE UM THRÁDÁIL IDIRNÁISIÚNTA

chuig an gCoiste um Fhorbairt

ar an togra le haghaidh cinneadh ón gComhairle maidir le Comhaontú Comhpháirtíochta idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus comhaltaí Eagraíocht na Stát san Afraic, i Muir Chairib agus san Aigéan Ciúin, den pháirt eile
(COM(2023)0791 – C9-0029/2024 – 2023/0464(NLE))

Rapóirtéir don tuairim: Samira Rafaela

## RÉASÚNÚ GEARR

An 15 Samhain 2023, shínigh an tAontas Eorpach agus Eagraíocht na Stát san Afraic, i Muir Chairib agus san Aigéan Ciúin Comhaontú Shamó, a bhunaigh creat uileghabhálach do chaidreamh idir an tAontas Eorpach agus tíortha na hAfraice, Mhuir Chairib agus an Aigéin Chiúin. Tiocfaidh sé in ionad Chomhaontú Cotonou, a síníodh in 2000 thar tréimhse 20 bliana, agus b’éigean síneadh a chur leis dá bhrí sin. Tá 6 réimse tosaíochta mar chuid de Chomhaontú Shamó: an daonlathas agus cearta an duine, fás agus forbairt eacnamaíoch inbhuanaithe, an t-athrú aeráide, forbairt dhaonna agus shóisialta, an tsíocháin agus an tslándáil, agus an imirce agus an tsoghluaisteacht. Ó thaobh INTA de, tugann an Rapóirtéir chun suntais na pointe seo a leanas:

Ar an gcéad dul síos, ba cheart go rachadh an Comhaontú chun tairbhe do thrádáil laistigh den Afraic agus do chomhtháthú eacnamaíoch mhór-roinn na hAfraice tríd an Limistéar Saorthrádála Mór-roinne (AfCFTA). Is ionstraimí úsáideach iad Comhaontuithe um Chomhpháirtíocht Eacnamaíoch (CCEnna) agus ba cheart go gcabhróidís leis an gcuspóir sin a bhaint amach.

Ar an dara dul síos, is díol sásaimh é go n-áirítear sa Chomhaontú bealach chun na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SDGanna) agus an Chomhaontú Pháras a bhaint amach, chomh maith le prionsabal na Náisiún Aontaithe maidir le saorthoiliú feasach roimh ré. Leis an gComhaontú, ba cheart forbairt inbhuanaithe a chothú sa dá réigiún, inar cheart go mbeadh bosca uirlisí trádála an Aontais, na CCEnna, Scéime AE na bhFábhar Ginearálaithe (GSP), Cúnamh don Trádáil san áireamh, ach freisin SCCT agus an Rialúchán Frith-Dhífhoraoisithe ag treisiú a chéile.

Ar an tríú dul síos, ba cheart go gcuirfeadh CCEnna le forbairt inbhuanaithe fhadtéarmach, go laghdóidís an bhochtaineacht agus go gcuirfidís borradh faoin gcomhtháthú réigiúnach. Ba cheart go mbainfeadh poblacht na hAfraice agus an trádáil laistigh den Afraic leas as na CCEnna.

Ar an gceathrú dul síos, ba cheart go rachadh forálacha trádála agus infheistíochta chun tairbhe do na páirtithe uile. Dá bharr sin, ní mór don Aontas aird cheart a thabhairt ar

mhíchothromaíocht na dtairbhí a d'fhéadfadh a bheith ann maidir caidreamh trádála agus infheistíochta le tíortha ESACC, go háirithe ó thaobh na hinbhuanaitheachta de.

Ar an gcúigiú dul síos, ní mór don Aontas páirt a ghlacadh i gcláir forbartha i gcás inar gá, agus tacaíocht a thabhairt do ghníomhaíochtaí a bhaineann leis an eolaíocht, teicneolaíocht. taighde, nuálaíocht agus an t-athrú digiteach i tíortha ESACC. Ní mór don Aontas dul i rannpháirtíocht le tíortha ESACC freisin faoi reachtaíocht an Aontais, idir reachtaíocht nua agus reachtaíocht atá ann cheana, lena n-áirítear SCCT agus an Toirmeasc ar an Saothar Éignithe.

Ar an séú dul síos, is díol sásaimh é go bhfuil gealltanas i ndáil le cearta an duine mar chuid den Chomhaontú. Ba cheart go gcabhródh an Comhaontú leis an gcomhrac i gcoinne neamhionannais, agus ba cheart príomhshruthú inscne a chur i bhfeidhm agus é á chur chun feidhme, lena n-áirítear, i measc nithe eile, gnéithe a bhaineann le comhionannas inscne agus trádáil agus caibidlí maidir le hinscne i gcomhaontuithe trádála.

******

Iarrann an Coiste um Ghnóthaí Eachtracha ar an gCoiste um Fhorbairt, mar an coiste atá freagrach, a mholadh go dtabharfadh an Pharlaimint a toiliú don dréachtchinneadh ón gComhairle maidir leis an gComhaontú Comhpháirtíochta idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Comhaltaí Eagraíocht na Stát san Afraic, i Muir Chairib agus san Aigéan Ciúin, den pháirt eile.

## IARSCRÍBHINN: LIOSTA NA nEINTITEAS NÓ NA nDAOINE ÓNA bhFUAIR AN RAPÓIRTÉIR IONCHUR

Fuair an Rapóirtéir ionchur ó na heintitis nó na daoine seo a leanas nuair a bhí an tuairim á hullmhú, go dtí gur glacadh sa choiste í:

| **Eintiteas agus/nó duine** |
|---|
| Dr. James Nyomakwa-Obimpeh (PhD) |
| An tOllamh Robert Dussey, Aire Gnóthaí Eachtracha Thóga, African Integration and Togolese Abroad, Príomh-Idirbheartaí Eagraíocht na Stát san Afraic, i Muir Chairib agus san Aigéan Ciúin agus Cathaoirleach an Lárghrúpa Caibidlíochta Aireachta |
| CONCORD Europe |

Déantar an liosta thuas a tharraingt suas faoi fhreagracht eisiach an rapóirtéara.

## NÓS IMEACHTA – AN COISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| | |
|---|---|
| **Teideal** | Comhaontú Comhpháirtíochta idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus comhaltaí Eagraíocht na Stát san Afraic, i Muir Chairib agus san Aigéan Ciúin, den pháirt eile |
| **Tagairtí** | 05789/2024 – C9-0029/2024 – 2023/0464(NLE) |
| **An Coiste Freagrach** | DEVE |
| **Rapóirtéir don tuairim**<br>Dáta an cheapacháin | Samira Rafaela<br>24.1.2024 |
| **Dáta an ghlactha** | 7.3.2024 |
| **Toradh na vótála críochnaithí** | +: 29<br>–: 2<br>0: 5 |
| **Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Barry Andrews, Geert Bourgeois, Saskia Bricmont, Jordi Cañas, Danuta Maria Hübner, Karin Karlsbro, Danilo Oscar Lancini, Bernd Lange, Thierry Mariani, Margarida Marques, Emmanuel Maurel, Samira Rafaela, Catharina Rinzema, Inma Rodríguez-Piñero, Helmut Scholz, Dominik Tarczyński, Kathleen Van Brempt, Marie-Pierre Vedrenne, Jörgen Warborn, Jan Zahradil |
| **Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Marek Belka, Anna Cavazzini, José Manuel García-Margallo y Marfil, Enikő Győri, Cristina Maestre Martín De Almagro, Javier Moreno Sánchez, Manuela Ripa, Witold Jan Waszczykowski |
| **Comhaltaí ionaid faoi Riail 209(7) a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Andrea Bocskor, Paola Ghidoni, Ivo Hristov, Virginie Joron, Ska Keller, Dace Melbārde, Wolfram Pirchner, Aušra Seibutytė |

## VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| 29 | + |
|---|---|
| ECR | Geert Bourgeois, Dominik Tarczyński, Witold Jan Waszczykowski, Jan Zahradil |
| ID | Paola Ghidoni, Danilo Oscar Lancini |
| NI | Andrea Bocskor, Enikő Győri |
| PPE | José Manuel García-Margallo y Marfil, Danuta Maria Hübner, Dace Melbārde, Wolfram Pirchner, Aušra Seibutytė, Jörgen Warborn |
| Renew | Barry Andrews, Jordi Cañas, Karin Karlsbro, Samira Rafaela, Catharina Rinzema, Marie-Pierre Vedrenne |
| S&D | Marek Belka, Ivo Hristov, Bernd Lange, Cristina Maestre Martín De Almagro, Margarida Marques, Javier Moreno Sánchez, Inma Rodríguez-Piñero, Kathleen Van Brempt |
| The Left | Helmut Scholz |

| 2 | - |
|---|---|
| ID | Thierry Mariani |
| The Left | Emmanuel Maurel |

| 5 | 0 |
|---|---|
| ID | Virginie Joron |
| Verts/ALE | Saskia Bricmont, Anna Cavazzini, Ska Keller, Manuela Ripa |

Eochair do na siombailí a úsáidtear:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh

1.3.2024

**LITIR ÓN GCOISTE UM GHNÓTHAÍ EACHTRACHA**

Tomas Tobé
Cathaoirleach
An Coiste um Fhorbairt

Ábhar: Tuairim ar an togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus comhaltaí Eagraíocht na Stát san Afraic, i Muir Chairib agus san Aigéan Ciúin, den pháirt eile (COM(2023)0791 – C9-0029/2024 – 2023/0464(NLE))

A Chathaoirligh, a chara,

Faoin nós imeachta thuasluaite, ag an gcruinniú a bhí aige an 22 Feabhra 2024[1], chinn an Coiste um Ghnóthaí Eachtracha (AFET) an tuairim a sheoladh i bhfoirm litreach agus go háirithe a iarraidh ar an gCoiste um Fhorbairt, mar an coiste atá freagrach, a mholadh go bhformheasfaí an togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle.

Bheinn an-bhuíoch díot dá ndéanfá an tuairim ó AFET atá i gceangal leis seo a ionchorprú go cuí i do mholadh.

Le dea-mhéin,

David McAllister

## MOLTAÍ

Iarrann an Coiste um Ghnóthaí Eachtracha ar an gCoiste um Fhorbairt, mar an coiste atá freagrach, a mholadh go bhformheasfaí an togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta idir

[1] Seo a leanas na daoine a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach: David McAllister (Chair and rapporteur for opinion), Witold Jan Waszczykowski (Vice-Chair), Alexander Alexandrov Yordanov, François Alfonsi, Petras Auštrevičius, Adam Bielan, Benoît Biteau, Krzysztof Brejza, Udo Bullmann, Traian Băsescu, Olivier Chastel, Włodzimierz Cimoszewicz, Anna Fotyga, Loucas Fourlas, Giorgos Georgiou, Francisco Guerreiro, Bernard Guetta, Rasa Juknevičienė, Sandra Kalniete, Andrius Kubilius, Sergey Lagodinsky, David Lega, Sven Mikser, Francisco José Millán Mon, Alessandra Moretti, Demetris Papadakis, Kostas Papadakis, Tonino Picula, Wolfram Pirchner, René Repasi, Thijs Reuten, Mounir Satouri, Jordi Solé, Tineke Strik, Nacho Sánchez Amor, Dominik Tarczyński, Lucia Vuolo, Mick Wallace, Charlie Weimers, Isabel Wiseler-Lima, Salima Yenbou, and João Albuquerque, Milan Brglez, Mónica Silvana González, Christophe Grudler, Georgios Kyrtsos, Maria Veronica Rossi (pursuant to Rule 209(7)).

an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus comhaltaí Eagraíocht na Stát san Afraic, i Muir Chairib agus san Aigéan Ciúin, den pháirt eile.

## AN NÓS IMEACHTA - COISTE FREAGRACH

| | |
|---|---|
| **Teideal** | Comhaontú Comhpháirtíochta idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus comhaltaí Eagraíocht na Stát san Afraic, i Muir Chairib agus san Aigéan Ciúin, den pháirt eile |
| **Tagairtí** | 05789/2024 – C9-0029/2024 – 2023/0464(NLE) |
| **Dáta an chomhairliúcháin nó na hiarrata ar thoiliú** | 19.2.2024 |
| **An Coiste Freagrach**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | DEVE<br>11.3.2024 |
| **Coistí ar iarradh tuairim orthu**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | AFET INTA<br>11.3.2024 11.3.2024 |
| **Rapóirtéirí**<br>Dáta an cheapacháin | Tomas Tobé<br>14.6.2021 |
| **Pléite sa choiste** | 24.1.2024 |
| **Dáta an ghlactha** | 19.3.2024 |
| **Toradh na vótála críochnaithí** | +: 13<br>–: 1<br>0: 4 |
| **Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Barry Andrews, Stéphane Bijoux, Mercedes Bresso, Catherine Chabaud, Ryszard Czarnecki, Mónica Silvana González, Pierrette Herzberger-Fofana, György Hölvényi, Rasa Juknevičienė, Beata Kempa, Christian Sagartz, François Thiollet, Tomas Tobé, Miguel Urbán Crespo, Bernhard Zimniok |
| **Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Caroline Roose, Carlos Zorrinho |
| **Comhaltaí ionaid faoi Riail 209(7) a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Sven Simon |
| **Dáta don chur síos** | 22.3.2024 |

## VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE FREAGRACH

| 13 | + |
|---|---|
| ECR | Ryszard Czarnecki, Beata Kempa |
| PPE | György Hölvényi, Rasa Juknevičienė, Christian Sagartz, Sven Simon, Tomas Tobé |
| Renew | Barry Andrews, Stéphane Bijoux, Catherine Chabaud |
| S&D | Mercedes Bresso, Mónica Silvana González, Carlos Zorrinho |

| 1 | - |
|---|---|
| ID | Bernhard Zimniok |

| 4 | 0 |
|---|---|
| The Left | Miguel Urbán Crespo |
| Verts/ALE | Pierrette Herzberger-Fofana, Caroline Roose, François Thiollet |

Eochair do na siombailí a úsáidtear:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh